Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7315/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0050(NLE)**

**IXIM 79**
**ENFOPOL 110**
**JAIEX 21**
**AVIATION 51**
**CDN 1**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Márta 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 94 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a phróiseáil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 94 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 94 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2024
COM(2024) 94 final

2024/0050 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a phróiseáil**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Baineann an togra seo le siniú comhaontaithe idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a phróiseáil (‘an Comhaontú’ ina dhiaidh seo).

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Is é atá i gceist le sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR), faisnéis a sholáthraíonn paisinéirí, agus a dhéanann córais rialaithe áirithinte agus imeachta na n- aeriompróirí a bhailiú agus a choinneáil chun a gcríoch tráchtála féin. Bíonn inneachar sonraí PNR ag athrú ag brath ar an bhfaisnéis a thugtar le linn an phróisis áirithinte agus seiceáil isteach agus d’fhéadfadh sé gurbh é atá i gceist léi, mar shampla, dátaí taistil agus plean taistil iomlán an phaisinéara nó an ghrúpa paisinéirí atá ag taisteal le chéile, sonraí teagmhála amhail seoladh agus uimhir theileafóin, faisnéis íocaíochta, uimhir shuíocháin agus faisnéis faoi bhagáiste.

Trí shonraí PNR a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, is féidir eilimintí tábhachtacha a sholáthar do na húdaráis trínar féidir leo patrúin taistil amhrasacha a bhrath agus comhpháirtithe coirpeach agus sceimhlitheoirí a shainaithint, go háirithe iad siúd nach raibh na húdaráis forfheidhmithe dlí ar an eolas fúthu roimhe seo. Dá réir sin, tá próiseáil sonraí PNR anois ina huirlis forfheidhmithe dlí a mbaintear úsáid aisti go forleathan san Aontas agus lasmuigh de, chun an sceimhlitheoireacht agus cineálacha eile coireachta tromchúisí a bhrath , cuir i gcás cionta a bhaineann le drugaí, gáinneáil ar dhaoine agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus chun coireanna den sórt sin a chosc freisin. Tá sé cruthaithe freisin gur foinse thábhachtach faisnéise í chun tacú le himscrúdú agus ionchúiseamh cásanna ina ndearnadh gníomhaíochtaí mídhleathacha den sórt sin [1].

Le reachtaíocht Cheanada ceanglaítear ar aeriompróirí a oibríonn eitiltí paisinéirí go Ceanada sonraí PNR a sholáthar do Ghníomhaireacht Cheanada um Sheirbhísí Teorann (GCST), sula dtagann an paisinéir go Ceanada a mhéid a bhailítear na sonraí sin agus a mhéid a choimeádtar iad i gcórais uathoibrithe áirithinte agus rialaithe imeachta na n-aeriompróirí i ngnáthchúrsa a ngnó. Tá sé d’aidhm ag an reachtaíocht sin feabhas suntasach a chur ar chumas GCST measúnú riosca taistil éifeachtúil éifeachtach a dhéanamh roimh ré ar phaisinéirí agus taisteal *bona fide* a éascú, rud a fheabhsóidh slándáil Cheanada sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach thrasnáisiúnta eile.

Oibríonn an tAontas i gcomhar le Ceanada sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus coireachta thromchúiseach thrasnáisiúnta eile agus measann sé gur bealach chun comhar idirnáisiúnta i bhforfheidhmiú an dlí a chothú atá san aistriú sonraí PNR go Ceanada.

Chun na críche sin, shínigh an Comhphobal Eorpach Comhaontú le Ceanada in 2005 maidir le sonraí PNR a aistriú agus a phróiseáil.[2] Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 22 Márta 2006 agus bhí sé bunaithe ar (i) shraith Gealltanas a thug GCST maidir leis an gcaoi a ndéanfadh sé sonraí PNR a phróiseáil agus (ii) cinneadh leordhóthanachta a d’eisigh an Coimisiún Eorpach, cinneadh inar measadh go dtugtar cosaint leormhaith do shonraí pearsanta le Gealltanais GCST.[3] Chuaigh Gealltanais GCST agus an cinneadh leordhóthanachta in éag an 22 Meán Fómhair 2009.

---

1 Féach freisin an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2016/681 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh; COM(2020) 305 final (24.7.2020).

2 IO L 82, 21.3.2006, lch. 15.

3 IO L 91, 29.3.2006, lgh. 49–60.

Ó shin i leith, ghlac na Ballstáit an fhreagracht as a áirithiú go leanfar d'aistrithe sonraí PNR chuig Ceanada le linn na hidirthréimhse sin, agus dheimhnigh GCST leis na Ballstáit, Uachtaránacht na Comhairle agus an Coimisiún go leanfaidh sé dá ghealltanais a chur chun feidhme le haghaidh na hidirthréimhse is gá chun comhaontú fadtéarmach idir an tAontas agus Ceanada a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích.

In 2010 chuir an tAontas tús le caibidlíocht le Ceanada chun Comhaontú nua a thabhairt i gcrích lena leagtar síos na coinníollacha agus an creat faoina bhféadfadh aeriompróirí sonraí PNR paisinéirí a eitlíonn idir an tAontas agus Ceanada a aistriú chuig GCST. Síníodh an dréacht-Chomhaontú nua le Ceanada an 25 Meitheamh 2014 agus chuir an Chomhairle faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa le haghaidh toilithe é i mí Iúil 2014. An 30 Eanáir 2015 d'iarr Parlaimint na hEorpa Tuairim ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le cé acu an bhfuil an Comhaontú PNR atá beartaithe le Ceanada ag luí leis na Conarthaí agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh nó nach bhfuil.

An 26 Iúil 2017 thug an Chúirt Bhreithiúnais Tuairim 1/15[4] uaithi agus dúirt sí nach bhféadfaí an Comhaontú PNR atá beartaithe idir Ceanada agus an tAontas a thabhairt i gcrích mar atá toisc nach raibh roinnt dá fhorálacha ag luí leis na cearta bunúsacha a aithníonn an tAontas, go háirithe an ceart chun sonraí a chosaint agus an ceart maidir le meas ar an saol príobháideach. Chinn an Chúirt freisin gur cheart bunús dlí an Chomhaontaithe sin a bheith ina theaglaim d'Airteagal 87(2)(a) CFAE agus Airteagal 16(2) CFAE.

Tar éis an Tuairim sin a eisiúint, tá tús curtha ag an Aontas agus Ceanada le caibidlíocht nua chun Comhaontú nua a shíniú ar bhealach atá i gcomhréir le ceanglais na Cúirte. Tosaíodh caibidlíocht le Ceanada an 20 Meitheamh 2018 agus, i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta, díríodh ar na gnéithe is gá chun na hiarmhairtí ón Tuairim sin a thabhairt san áireamh.

Tar éis an seachtú babhta caibidlíochta, arb é an babhta deiridh caibidlíochta é a reáchtáladh an 4 Iúil 2023, tháinig na hidirbheartaithe ar réamh-chomhaontú an 11 Deireadh Fómhair 2023. Chuir na príomhchaibidleoirí inisealacha le dréacht-téacs an Chomhaontaithe an 27 Samhain 2023.

Cuireadh na comhreachtóirí ar an eolas go tráthrialta agus chuathas i gcomhairle leo ag gach céim den chaibidlíocht, go háirithe trí thuairisciú do mheitheal fhreagrach na Comhairle agus do Choiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile. Sularcuireadh insealacha leis, roinneadh dréacht deiridh théacs an chomhaontaithe freisin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá imlínte leathana bheartas seachtrach an Aontais maidir le PNR leagtha amach ag an gCoimisiún ar dtús i dTeachtaireacht uaidh ó 2003 maidir le cur chuige an Aontais i leith sonraí PNR a aistriú ón Aontas chuig tríú tíortha[5], imlínte a ndearnadh athbhreithniú orthu i dTeachtaireacht a glacadh in 2010[6].

Faoi láthair tá trí chomhaontú idirnáisiúnta i bhfeidhm idir an tAontas agus tríú tíortha, is iad sin an Astráil[7], na Stáit Aontaithe (2012)[8] agus an Ríocht Aontaithe (2020)[9], tíortha a chumhdaíonn aistriú agus próiseáil sonraí PNR ón Aontas. I dteannta na caibidlíochta le

4 ECLI:EU:C:2017:592.
5 COM(2003) 826 final.
6 COM(2010) 492 final (21.9.2010).
7 IO L 186, 14.7.2012, lgh. 4-16.
8 IO L 215, 11.8.2012, lgh. 5-14.
9 IO L 149, 30.4.2021, lgh. 710-735.

Ceanada, tá an Coimisiún údaraithe chun comhaontuithe PNR a chaibidliú le Meicsiceo agus leis an tSeapáin agus, i mí Mheán Fómhair 2023, mhol sé tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Iorua[10], leis an Íoslainn[11] agus leis an Eilvéis[12].

In 2016 ghlac Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh Treoir (AE) 2016/681 maidir le húsáid sonraí PNR chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ('Treoir PNR')[13]. Leis an Treoir sin, rialaítear aistriú agus próiseáil sonraí PNR san Aontas Eorpach agus leagtar síos coimircí tábhachtacha chun cearta bunúsacha a chosaint, go háirithe an ceart chun príobháideachais agus an ceart chun cosanta sonraí pearsanta. Ina bhreithiúnas i gCás C-817/19 i mí an Mheithimh 2022, dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh bailíocht na Treorach sin i leith na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i leith Chonarthaí an Aontais[14].

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá méadú tagtha ar an líon tríú tíortha atá tar éis tosú ar a gcumais a fhorbairt chun sonraí PNR a bhailiú ó aeriompróirí. Spreagtar an treocht sin freisin mar gheall ar Rúin a ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (in 2017 agus 2019) lenar ceanglaíodh ar gach Stát an cumas a fhorbairt sonraí PNR a bhailiú agus a úsáid[15], ar ar a mbonn sin a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) Caighdeáin agus Cleachtais Mholta maidir le PNR (SARPanna) in 2020 trí bhíthin Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, rud a tháinig i bhfeidhm i mí Feabhra 2021.[16]

Le seasamh an Aontais, arna bhunú le Cinneadh (AE) 2021/121 ón gComhairle, cuirtear fáilte roimh SARPanna ICAO maidir le PNR ós rud é go leagtar síos iontu coimircí uaillmhianacha maidir le cosaint sonraí, rud a chumasaítear dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an leibhéal idirnáisiúnta. An tráth céanna, measadh sa Chinneadh sin ón gComhairle, trí bhíthin ceangal a chur ar na Ballstáit difríocht a chlárú, go bhfuil na ceanglais a eascraíonn as dlí an Aontais (lena n- áirítear cásdlí ábhartha) níos éilithí ná caighdeáin áirithe ICAO, agus go bhfuil gá le bunús dlí le haghaidh aistrithe ón Aontas chuig tríú tíortha lena mbunófaí rialacha soiléire beachta agus coimircí i ndáil le húdaráis inniúla de chuid tríú tír sonraí PNR a úsáid[17]. I bhfianaise an mhéid sin, tar éis glao ón gComhairle[18], tá tús curtha ag an gCoimisiún, más

[10] COM(2023) 507 final.

[11] COM(2023) 508 final.

[12] COM(2023) 509 final.

[13] Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 132–149),), dá ngairtear 'Treoir PNR' anseo feasta nó 'Treoir (AE) 2016/681'.

[14] Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dlísheomra) an 21 Meitheamh 2022 'Ligue des droits humains ASBL v Conseil des ministres', C-817/19, EU:C:2022:491. Bhain an bhreithiúnas le hiarraidh ar réamhrialú ó Cour Constitutionnelle na Beilge.

[15] UNSCR 2396 (2017): 'Tá an Chomhairle Slándála: [..] 12. Tar éis a chinneadh go bhforbróidh na Ballstáit an cumas sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú, ar mhaithe le caighdeáin agus cleachtais mholta ICAO a chur chun cinn, agus chun a áirithiú go n- úsáideann a n- údaráis inniúla náisiúnta uile na sonraí PNR agus go gcomhroinntear leo iad, agus lánurraim á tabhairt do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, chun cionta sceimhlitheoireachta agus taisteal gaolmhar a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, [...]'. Féach freisin UNSCR 2482 (2019).

[16] https://www.icao.int/safety/airnavigation/nationalitymarks/annexes_booklet_en.pdf

[17] Cinneadh (AE) 2021/121 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh mar fhreagra ar Litir Stáit ón Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le Leasú 28 ar Roinn D de Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (IO L 37, 3.2.2021, lgh. 6-9).

[18] Conclúidí ón gComhairle an 7 Meitheamh 2021 maidir le haistriú sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chuig tríú tíortha, go háirithe an Astráil agus na Stáit Aontaithe, chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac.

rud é go léirítear comhlíontacht le Caighdeáin ICAO maidir le PNR, le bheith ag meas gur gné thábhachtach é sin atá le cur san áireamh ó thaobh dul i mbun idirphlé PNR le tríú tír ar bith.

## 2. BUNÚS DLÍ AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Déantar foráil in Airteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le cinntí '*lena n-údarófar comhaontú a shíniú agus, más gá, é a chur i bhfeidhm go sealadach roimh a theacht i bhfeidhm.*' Ós rud é gurb é is aidhm don togra údarú a fháil chun an Comhaontú a shíniú, is é Airteagal 218(5) CFAE an bunús dlí nós imeachta. Tá dhá phríomhaidhm agus príomh-chomhpháirt ag an togra; baineann ceann amháin díobh leis an ngá slándáil phoiblí a áirithiú trí bhíthin sonraí PNR a aistriú chuig Ceanada agus baineann an ceann eile leis an bpríobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha eile a chosaint. Is é Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí substainteach an togra.

- **Comhréireacht**

Maidir le cuspóirí an Aontais, a mhéid a bhaineann leis an togra seo mar a leagtar amach thuas, ní féidir iad a bhaint amach ach amháin trí bhunús dlí bailí a bhunú ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go ndeonófar cosaint iomchuí ar chearta bunúsacha d'aistrithe sonraí pearsanta ón Aontas. Tá forálacha an chomhaontaithe teoranta don mhéid is gá chun a phríomhchuspóirí a bhaint amach agus chun cothromaíocht chóir a aimsiú idir an cuspóir dlisteanach maidir leis an tslándáil phoiblí a chaomhnú agus an ceart atá ag gach duine tairbhiú de chosaint a shonraí phearsanta agus a shaoil phríobháidigh.

- **An rogha ionstraime**

I gCaibidil V de Rialachán 2016/679[19] ('RGCS') ceanglaítear go mbeidh aon aistriú sonraí pearsanta ón Aontas chuig tríú tíortha bunaithe ar ionstraim bhailí lena leagtar síos coimircí iomchuí. Tá ceann amháin de na hionstraimí sin sa chomhaontú seo, i.e. ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá in-fhorfheidhmithe idir údaráis phoiblí dá bhforáiltear in Airteagal 46(2)(a) den Rialachán sin.

- **Cearta bunúsacha**

Is é atá i gceist le sonraí PNR a mhalartú agus a phróiseáil ag údaráis tríú tír sárú ar chearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosanta sonraí. Mar sin féin, áirithítear leis an gComhaontú gá agus comhréireacht aon sárú den sórt sin i bhfianaise cuspóirí dlisteanacha na próiseála sonraí pearsanta, i.e. chun coireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Rathaítear é sin trí choimircí cosanta sonraí leordhóthanacha a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí pearsanta a aistrítear agus a phróiseáiltear, i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe Airteagail 7, 8, 47 agus 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais.

---

19 IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88.

## 4. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá roinnt coimircí tábhachtacha sa Chomhaontú a d'eascair as an gcaibidlíocht, ar coimircí iad do na daoine sin a n-aistreofar a gcuid sonraí chuig Ceanada agus a bpróiseálfar ann iad. I gcomhréir iomlán le ceanglais na Tuairime sin ón gCúirt agus na dtreoracha caibidlíochta, ba iad seo a leanas go háirithe na forálacha arbh iad ábhar na caibidlíochta iad:

Airteagal 3: go mbeidh na cuspóirí a ndéantar próiseáil ar shonraí PNR ina leith soiléir agus beach;

Airteagal 8: Tá próiseáil sonraí íogair ag Ceanada coiscthe faoin gComhaontú. I gcás ina bhfaigheadh Ceanada na sonraí sin mar chuid de shonraí PNR faoin gComhaontú, ní mór dó iad a scriosadh freisin;

Airteagal 10: go ndéanfaidh údaráis phoiblí neamhspleácha formhaoirseacht ar chomhlíontacht Cheanada leis na rialacha sin;

Airteagal 11: go gcuirfear daoine aonair ar an eolas maidir le húsáid a sonraí PNR;

Airteagal 12: nach bhféadfaidh daoine aonair rochtain a fháil ach amháin ar a sonraí PNR féin agus go dtabharfar an ceart chun ceartúcháin, sásaimh agus faisnéise dóibh;

Airteagal 15: go mbeidh próiseáil uathoibríoch shonraí PNR bunaithe ar chritéir neamh-idirdhealaitheacha agus iontaofa amháin;

Airteagal 16: déanfar an uastréimhse choinneála 5 bliana a chomhcheangal le ceanglas chun na sonraí a scriosadh tar éis dháta imeachta na bpaisinéirí, ach amháin má léirítear i measúnú riosca go bhfuil nasc ann atá bunaithe ar ghnéithe oibiachtúla óna bhféadfaí a thuiscint go bhféadfadh sonraí PNR cur le haghaidh a thabhairt ar chuspóirí an Chomhaontaithe ar bhealach éifeachtach, i dteannta an cheanglais go ndéanfaidh Ceanada athbhreithniú ar a mheasúnú gach 2 bhliain;

Airteagal 17: beidh aon úsáid a bhainfear as sonraí PNR chun críocha eile seachas seiceálacha slándála agus rialaithe teorann faoi réir athbhreithniú roimh ré a dhéanfaidh cúirt nó údarás neamhspleách;

Airteagal 20: beidh aistrithe shonraí PNR ar aghaidh chuig údaráis rialtais eile faoi réir coimircí iomchuí agus, i gcás nochtadh lasmuigh de Cheanada, beidh sé teoranta do thíortha a bhfuil Comhaontú inchomparáide tugtha i gcrích acu leis an Aontas nó atá faoi réir cinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún;

Iarscríbhinn: cinntear na gnéithe de shonraí PNR atá le haistriú chuig Ceanada ar bhealach soiléir beacht.

2024/0050 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a phróiseáil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2)(a), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2017, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Ceanada chun teacht ar chomhaontú maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a úsáid chun an sceimhlitheoireacht agus coireacht thromchúiseach thrasnáisiúnta eile a chosc agus a chomhrac.

(2) Tugadh an chaibidlíocht maidir le Comhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach maidir le sonraí PNR a aistriú agus a phróiseáil ('an Comhaontú') chun críche go rathúil i mí Iúil 2023. Cuireadh inisealacha le téacs an Chomhaontaithe an 27 Samhain 2023.

(3) Leis an gComhaontú beifear in ann sonraí PNR a aistriú chuig Ceanada chun coireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

(4) Áirithítear leis an gComhaontú go dtabharfar lánurraim do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, mar atá léirmhínithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh mar a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint mar a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cothroime mar a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Go háirithe, áirítear sa Chomhaontú coimircí leordhóthanacha chun sonraí pearsanta arna n-aistriú faoin gComhaontú a chosaint.

(5) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.] NÓ [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir an …,] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo].

(6) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

(7) Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a Thuairim *[xxx]* uaidh an *[xx.xx.xxxx]*.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, síniú an Comhaontaithe idir Ceanada agus an tAontas Eorpach i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú agus a phróiseáil, faoi réir an Comhaontú a thabhairt chun críche.

Tá téacs an Chomhaontaithe atá le síniú i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí chun an Comhaontú a shíniú, faoi réir an Comhaontú a thabhairt chun críche, do na daoine a thugann an Coimisiún le fios.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*